An tÚdarás Pinsean
The Pensions Authority

# AN TÚDARÁS PINSEAN
# RÁITEAS STRAITÉISE, 2025 - 2029

www.pensionsauthority.ie

# RÉAMHRÁ

I Ráiteas Straitéise an Údaráis Phinsean 2025 go 2029, leagtar amach ár bhfís, ár misean agus ár luachanna, chomh maith leis na cuspóirí straitéiseacha agus ardleibhéil a bheidh mar bhonn taca lenár gcuid oibre sna cúig bliana amach romhainn.

Tá an ráiteas straitéise roinnte ina chúig phríomh-chuid:

**Cuid 1: ár bhfís, ár misean agus ár luachanna**

Tugann ár bhfís sainmhíniú ar an uaillmhian fhadtéarmach atá againn maidir le pinsin cheirde[1]. Inár misean, leagtar amach na gníomhaíochtaí agus na róil a dhéanfaimid chun an misean a thabhairt chun cinn. Is iad ár luachanna na prionsabail a ghlacaimid agus an straitéis seo á cur i bhfeidhm againn.

**Cuid 2: an comhthéacs oibriúcháin**

Tugann ár straitéis léiriú agus freagra ar an timpeallacht ina n-oibrímid, ar láidreachtaí eagraíochtúla an Údaráis agus ar na dúshláin atá roimhe: tá achoimre ar na tosca is ábhartha sa chuid seo.

**Cuid 3: cuspóirí straitéiseacha agus cumasóirí**

Leagtar amach sa chuid seo an méid is mian linn a bhaint amach agus tabhairt faoi chun ár bhfís a thabhairt chun cinn agus chun ár misean a chomhlíonadh le linn théarma na straitéise, agus cad iad na cumasóirí a theastaíonn chun é sin a bhaint amach. Tá roinnt táscairí ardleibhéil agus torthaí curtha san áireamh againn agus úsáidfear iad chun an dul chun cinn i ngach réimse gníomhaíochta a shainaithint agus a thomhas. Seans go gcuirfear breis táscairí agus torthaí leo le himeacht na straitéise.

**Cuid 4: ráiteas maidir le cultúr**

Leagtar amach sa ráiteas maidir le cultúr an cineál áit oibre is mian linn a chruthú chun cuidiú leis an eagraíocht cuspóirí na straitéise a bhaint amach.

**Cuid 5: Ár dtiomantas do chomhionannas agus do chearta an duine**

## Cur i bhfeidhm na straitéise agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi

Leagtar amach sa straitéis ár dtosaíochtaí i rith shaolré na straitéise agus na réimsí ina n-úsáidfimid ár n-acmhainní. Dréachtófar ár bpróiseas pleanála gnó bliantúil, ár ráitis aschuir bhliantúla agus ár bpríomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) le bheith i gcomhréir leis an ráiteas straitéise seo.

Déanfaimid monatóireacht gach bliain ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn chun ár bhfís, misean agus cuspóirí a bhaint amach. Déanfaidh an Feidhmeannas faire na fáistine gach bliain i rith shaolré na straitéise lena chinntiú go mbeifear in ann athruithe ar an gcomhthéacs oibriúcháin a fheiceáil agus aon tionchar a bheadh acu ar an straitéis.

Déanfar athbhreithniú meántéarma ar an straitéis in 2027 chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil sí fós ábhartha nó nach bhfuil. Díreofar go sonrach san athbhreithniú sin ar chinneadh a dhéanamh an bhfuil an formhaoirsiú a dhéanaimid ar scéimeanna pinsin ceirde fós iomchuí i bhfianaise comhdhlúthú scéimeanna.

1 Áirítear Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSAnna) agus scéimeanna um Chonarthaí Iontaobhais Blianacht Scoir (RAC) leis an téarma “pinsin cheirde”.

# CUID 1 – FÍS, MISEAN, AGUS LUACHANNA AN ÚDÁRÁIS PINSEAN

## Ár bhFís

Córas pinsean ina bhfuil coigilteas scoir slán, dea-bhainistithe, éifeachtach ó thaobh costais de agus intuigthe, agus ina spreagtar coigilteas pinsin.

## Ár misean

1. Formhaoirsiú agus maoirseacht éifeachtach agus éifeachtúil a dhéanamh ar scéimeanna pinsin agus ar Chuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSAnna) chun na torthaí is fearr is féidir a chinntiú do bhaill scéimeanna pinsin agus dá thoradh sin muinín an phobail i bpinsin a chothú.

2. Faisnéis a chur ar fáil don phobal trí threoir agus faisnéis ghinearálta a fhoilsiú.

3. Sainchomhairle a chur ar fáil don Aire Coimirce Sóisialaí agus don Rialtas faoi chúrsaí pinsin.

## Ár luachanna

**Leas an phobail** – Feidhmímid chun leasa bhaill scéimeanna pinsin, bhaill ionchasacha agus thairbhithe agus ranníocóirí PRSA, i dtaca lena gcearta pinsin.

**Gairmiúlacht** – bainimid leas as scileanna, saineolas, dea-bhreithiúnas agus meas inár gcuid oibre.

**Ionracas** – gníomhaímid go macánta eiticiúil agus táimid tiomanta don chuntasacht agus don trédhearcacht.

**Éifeachtacht** – dírímid ár gcuid iarrachtaí ar na háiteanna a mbeidh an tionchar is mó acu ar thorthaí na mball.

**Éifeachtúlacht** – táimid dírithe ar oibríochtaí agus rialú atá éifeachtach ó thaobh costais de.

**Freagrúlacht** – téimid in oiriúint d’athruithe ar imthosca chun ár gcuspóirí a chomhlíonadh.

**Neamhspleáchas** – gníomhaímid go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta agus ár bhfeidhmeanna á ndéanamh againn.

# CUID 2 – AN COMHTHÉACS OIBRIÚCHÁIN

Is iad na deiseanna agus na dúshláin is mó inár dtimpeallacht oibriúcháin:

## An comhthéacs eacnamaíoch agus fioscach

Le blianta beaga anuas, tá coigiltis pinsin ag fáil torthaí maithe ó mhargaí cothromais agus tá rátaí úis fadtéarmacha níos airde ann freisin. An toradh air sin ná torthaí maithe ar infheistíocht ar an iomlán agus, i gcás scéimeanna le sochar sainithe, feabhsúcháin mhóra ar shócmhainneacht na scéimeanna. Bhí tionchar ag boilsciú ard ar luach na dtorthaí sin le blianta beaga anuas, áfach. Goluath amach anseo, is dócha go mbeidh boilsciú níos ísle agus tá coinne leis go dtiocfaidh laghdú ar rátaí úis.

## An comhthéacs beartais

Cuireadh Clár nua an Rialtais san áireamh agus an straitéis á ceapadh. Is é Pinsean an Stáit an ghné bhunúsach den soláthar scoir agus leanfaidh sé de bheith amhlaidh. Mar sin féin, i gcás roinnt mhaith daoine ar mian leo an caighdeán beatha céanna a bheith acu agus iad ar scor, beidh orthu coigiltis pinsin bhreise a bheith acu anuas ar an bPinsean Stáit.

Léiriú é sin ar an tábhacht a bhaineann le córas pinsin atá á rialáil i gceart agus a bhfuil muinín ag coigilteoirí pinsin as a bheith ar bun.

Tá an-dul chun cinn déanta ar scéim pinsin uathchláraithe a fhorbairt. Tá an bonn reachtach don uathchlárú achtaithe agus de réir an sceidil, tá sé le dul i bhfeidhm in 2026.

## An comhthéacs maoirseachta

Trasuíodh an treoir IORP II i ndlí na hÉireann i mí Aibreáin 2021, agus ní mór do gach grúpscéim cloí le ceanglais Acht na bPinsean athbhreithnithe. Cuireann an treoir d'oibleagáid ar an Údarás Pinsean maoirseacht a dhéanamh ar bhonn riosca réamhbhreathnaitheach (FLRBS). Tá tréimhse mhaolaithe cúig bliana ag socruithe aon bhaill (OMAnna) a bunaíodh roimh an 21 Aibreán 2021, go dtí mí Aibreáin 2026, chun cloí leis na rialacháin nua.

De bharr na n-oibleagáidí breise agus na gcostas a fhorchuirtear ar iontaobhaithe scéimeanna mar thoradh ar an trasuí, aistríodh roinnt mhaith scéimeanna pinsin maoinithe ina n-oll-iontaobhais cheana féin.

Tá coinne ag an Údarás Pinsean leis go n-aistreofar formhór na OMAnna agus na ngrúpscéimeanna meánmhéide le rannaíocht shainithe, nó iad go léir, go dtí Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSAnna) nó Oll-iontaobhais (MTanna) ar deireadh.

Éireoidh ról na n-iontaobhaithe níos casta de bharr athruithe eile rialála. Leis an nGníomh um Athléimneacht Dhigiteach (DORA) ón Aontas Eorpach, neartófar athléimneacht institiúidí airgeadais i leith na cibearslándála. Cabhróidh sé sin le dea-thorthaí a fháil do na baill, ach seans go mbeidh deacrachtaí ag roinnt mhaith iontaobhaithe pinsean beag cloí le DORA ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de.

Ar an gcaoi chéanna, ciallaíonn Rialachán an AE maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe (SFDR) nach mór d'iontaobhaithe breithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na n-infheistíochtaí atá mar bhonn faoi chiste pinsin, agus tugann sé isteach raon leathan ceanglas nochtaithe a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh na cinntí sin.

Creideann an tÚdarás go spreagfaidh DORA agus SFDR tuilleadh comhdhlúthaithe i réimse na bpinsean ós rud é go gcuirfear ceanglais thuairiscithe agus theicniúla nua agus shuntasacha ar iontaobhaithe agus soláthraithe pinsean de bharr na n-oibleagáidí nua atá á gcur orthu.

## Ról an Údaráis Pinsean

An ról is tábhachtaí atá ag an Údarás Pinsean ná maoirseacht a dhéanamh ar iontaobhaithe scéimeanna agus PRSAnna. Tá na hoibleagáidí ar iontaobhaithe scéimeanna cuid mhaith níos déine agus níos casta anois ná mar a bhíodh siad roimhe seo, agus dá réir sin tá ról maoirseachta agus rialála an Údaráis Pinsean níos dúshlánaí agus níos fairsinge anois, lena n-áirítear leanúint air ag leabú FLRBS

i ngach gníomhaíocht maoirseachta. Is docha go n-éireoidh rudaí níos casta fós mar thoradh ar athruithe ar an timpeallacht airgeadais agus oibleagáidí nua a thagann ón AE.

# CUID 3 – CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA AGUS CUMASÓIRÍ

Tá ár gcuspóirí agus na gníomhaíochtaí a dhéanfaimid chun iad a bhaint amach leagtha amach sa tábla thíos. Tá na toimhdí seo a leanas mar bhunús leis na gníomhaíochtaí sin:

- Ba cheart go mbeadh gach coigilteoir pinsin i dteideal ardleibhéal cosanta, agus níor cheart difríocht shuntasach a bheith ann idir na cineálacha éagsúla de sholáthar pinsean.
- Faightear dea-thorthaí do choigilteoirí pinsin, ní hamháin trí mhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh san am i láthair nó san am atá caite, ach trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo do leasanna na mball freisin, rud a éilíonn córas maoirseachta riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach.
- Ní mór cumarsáid ardcháilíochta a dhéanamh le coigilteoirí pinsin chun tacú le maoirseacht a dhéanamh ar phinsin, rud a éilíonn obair ón Údarás Pinsean leis féin agus i gcomhar le comhlachtaí ábhartha eile.

| Cuspóirí straitéiseacha | Príomh-thorthaí | Straitéisí ardleibhéil | Táscairí ardleibhéil |
|---|---|---|---|
| 1. Pinsin cheirde atá idir sheasmhach agus iontaofa a bheidh i gcóras pinsean na hÉireann, agus déanfar dea-bhainistíocht orthu de réir caighdeáin arda iomchuí | • bhaill scéimeanna pinsin agus do ranníocóirí PRSA<br>• Scéimeanna pinsin comhlíontacha<br>• Oibríochtaí PRSA comhlíontacha | • Measúnú bliantúil a dhéanamh ar fhonn riosca agus measúnú riosca bliantúil a dhéanamh ar an margadh chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht FLRBS<br>• Treochlár a leagan amach do FLRBS agus comhdhlúthú le gabháil leis an straitéis<br>• Maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach a chur i bhfeidhm<br>• Aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht ar bhealach comhréireach agus comhsheasmhach<br>• Athrú ar an reachtaíocht a lorg nuair is cuí chun ár bhformhaoirsiú agus maoirseacht a dhéanamh níos éifeachtaí.<br>• Iniúchtaí agus gníomhaíochtaí tréimhsiúla maidir le comhlíontacht le sochair a íoc agus oibleagáidí nochta i scéimeanna (san earnáil phoiblí) faoi Alt 52<br>• Treoir shoiléir faoi oibleagáidí iontaobhaithe agus soláthraithe PRSA agus dea-chleachtas | • An méid gníomhaíochtaí FLRBS agus an líon SRPanna déanta agus na torthaí a bhí leo<br>• Measúnú cáilíochtúil ar thuairisceáin bhliantúla scéimeanna maidir le comhlíontacht<br>• Measúnú cáilíochtúil ar thuarascálacha bliantúla soláthraithe PRSA maidir le comhlíontacht<br>• Suirbhéanna tréimhsiúla ar thuiscint iontaobhaithe agus soláthraithe PRSA |
| 2. Déanfaidh an tÚdarás Pinsean comhdhlúthú breise ar scéimeanna pinsin le ranníocaíocht shainithe a spreagadh, a éascú agus, nuair is féidir, a threorú | • Dea-thorthaí do bhaill scéimeanna le ranníocaíocht shainithe<br>• Cumas a thabhairt don Údarás maoirseacht chuí a dhéanamh ar mhargadh comhdhlúthaithe scéimeanna le ranníocaíocht shainithe | • Caidreamh le hiontaobhaithe agus soláthraithe scéimeanna le ranníocaíocht shainithe<br>• Iarrataí mionsonraithe ar shonraí chun scéimeanna le ranníocaíocht shainithe gan iontaobhaithe/ fostóirí agus scéimeanna gan sócmhainní a shainaithint | • Ráta comhdhlúthaithe<br>• Níos mó sonraí ar scéimeanna le ranníocaíocht shainithe chun bonn eolais a chur faoi fhreagairt an Údaráis ar chomhdhlúthú |

| Cuspóirí straitéiseacha | Príomh-thorthaí | Straitéisí ardleibhéil | Táscairí ardleibhéil |
|---|---|---|---|
| 3. Beidh cáil ar an Údarás Pinsean mar fhoinse faisnéise inrochtana, ábhartha agus praiticiúil don phobal, do bhaill, do ranníocóirí, do thairbhithe agus d'earnáil na bpinsean | • •Baineann earnáil na bpinsean agus an pobal úsáid as ár seirbhísí faisnéise<br>• Tá ár gcuid faisnéise ábhartha, iontaofa agus intuigthe | • Fáil ar fhaisnéis an Údaráis Pinsean a chur chun cinn<br>• Faisnéis agus ábhair atá ar ardcháilíocht agus inrochtana go héasca a chur ar fáil<br>• Seirbhís ardchaighdeáin fiosrúcháin a chur ar fáil don phobal agus d'earnáil na bpinsean | • Rátaí úsáide an láithreáin ghréasáin agus na seirbhíse fiosrúcháin<br>• Suirbhéanna ar úsáideoirí |
| 4. Pinsean ina fhoinse luachmhar sainchomhairle don Aire Coimirce Sóisialaí agus don Rialtas faoi chúrsaí pinsin | • Cuirtear comhairle ón Údarás Pinsean in iúl go soiléir agus cuirtear bonn eolais ceart faoi bheartas an Rialtais | • Comhairle a chur ar an Rialtas faoi chúrsaí pinsin agus saineolas agus treoir faoi phinsin a chur ar fáil de réir mar is gá<br>• Taighde agus anailís ar shonraí a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoinár bhfeidhm bheartais agus faoinár gcomhairle | • dhéanamh ag comhaltaí an Údaráis<br>• Measúnú arna dhéanamh ag ár máthair-roinn agus ag Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha eile. |
| 5. Déanfaidh an tÚdarás Pinsean tuairisciú bliantúil ar fheidhmiú an Údaráis Náisiúnta Coigiltis Scoir um Uathchlárú (NAERSA). | • Dea-thorthaí do rannpháirtithe sa chóras uathchláraithe<br>• Ardchaighdeáin rialachais á mbaint amach ag NAERSA | • Maoirseacht riosca-bhunaithe réamhbhreathnaitheach a chur i bhfeidhm chun an tuarascáil mhaoirseachta a ullmhú le seoladh chuig an Aire Coimirce Sóisialaí | • Cáilíocht na tuarascála bliantúla chuig an Aire |

| Cumasóirí | Príomh-thorthaí | Straitéisí ardleibhéil | Táscairí ardleibhéil |
|---|---|---|---|
| **Cumasóir 1**<br><br>Scileanna agus eolas na foirne | • Riosca íoslaghdaithe maidir le príomhdhuine | • Aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna eagrúcháin trí bhaill foirne a athleithdháileadh agus oiliúint a chur orthu<br>• Oiliúint agus forbairt na foirne – teicniúil agus pearsanta<br>• Dea-bhainistiú feidhmíochta | • Measúnuithe ar riachtanais scileanna<br>• Measúnú tréimhsiúil ar riosca maidir le príomhdhuine |
| **Cumasóir 2**<br><br>Pleanáil agus próisis oibre | • Acmhainní finideacha a úsáid go héifeachtúil<br>• Córais agus cleachtais oibre chomhoibríocha chun timpeallacht oibre hibrideach a éascú | • Próisis bainistithe tionscadal a úsáid ar fud na heagraíochta<br>• Próisis bainistithe athraithe a úsáid i dtionscadail iomchuí<br>• Ról na TF agus sonraí a uasmhéadú chun tacú le maoirseacht | • Measúnú bliantúil ar éifeachtacht an bhainistithe tionscadal agus athraithe |
| **Cumasóir 3**<br><br>Córais TF ar ardchaighdeán | • Bogearraí atá ar ardchaighdeán, solúbtha agus iomasach chun sonraí pinsean a bhailiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu<br>• Próisis atriallacha de láimh a íoslaghdú<br>• Córais atá iontaofa, slán agus láidir | • Saineolas inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil ionas gur féidir bogearraí pinsean nua a fhorbairt agus a chothabháil san Údarás a mhéid is féidir<br>• Dul i gcomhairle le húsáideoirí ár mbogearraí, go hinmheánach agus go seachtrach, faoi athruithe a bheartaítear a dhéanamh ar ár gcórais | • Iniúchadh tréimhsiúil ar fheidhmíocht TF agus slándáil |
| **Cumasóir 4**<br><br>Sonraí ábhartha, iontaofa, inrochtana agus tráthúla | • Sonraí cruinne agus tráthúla<br>• Sonraí ardchaighdeáin ag tacú le measúnú ar rioscaí i scéimeanna | • Straitéis a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ionchais sonraí | • Dul chun cinn i gcomparáid le garspriocanna straitéise sonraí |
| **Cumasóir 5**<br><br>Rialachas corparáideach láidir agus rialuithe corparáideacha láidre | • Muinín an phobail as an gcaoi a bhfuil an tÚdarás Pinsean á bhainistiú. | • Comhlíonadh iomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus leis na hoibleagáidí reachtúla go léir | • Torthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha |

# CUID 4 – RÁITEAS MAIDIR LE CÚLTÚR AN ÚDARÁIS PINSEAN

Chun fís agus misean an Údaráis Pinsean a bhaint amach, ní mór don eagraíocht agus do gach duine againn a bheith go maith ag an méid a dhéanaimid, agus ní mór dúinn gníomhú i gcomhréir le luachanna ár n-eagraíochta agus ár ról á dhéanamh againn. Féachfaimid leis an gcultúr a mhúnlú agus é a ailíniú le baint amach na spriocanna a leagtar amach sa straitéis seo. Seo a leanas ár luachanna: leas an phobail, gairmiúlacht, iontaofacht, neamhspleáchas, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus freagrúlacht. Is é ár n-aidhm ná gurb é an taithí a bheidh ag an bpobal agus ár gcomhghleacaithe san Údarás orainn go bhfuilimid eolasach, éifeachtúil, iontaofa, ciallmhar agus soiléir. Is mian linn freisin go mbeidh an tÚdarás Pinsean ina áit tharraingteach le bheith ag obair ann.

Chun é sin a bhaint amach:

- oibreoimid le chéile agus tabharfaimid tacaíocht dá chéile;
- spreagfaimid rannchuidiú ó gach duine – éistfimid go measúil le tuairimí éagsúla go measúil agus beidh sé mar aidhm againn i gcónaí a bheith neamhchlaonta;
- coinneoimid ár ngealltanais agus comhlíonfaimid ár dtiomantais;
- soláthróimid agus spreagfaimid forbairt agus oiliúint foirne, chun tairbhe an Údaráis Pinsean agus na foirne; agus
- spreagfaimid a chéile agus tabharfaimid tacaíocht dá chéile chun cothromaíocht iomchuí oibre is saoil a choinneáil ar bun.

Tá ról le himirt ag gach duine againn chun é sin a bhaint amach. Táimid ag súil go gcuirfidh gach duine le cultúr oibre ionchuimsitheach agus measúil agus go ndéanfaidh gach duine a chion féin in obair thábhachtach an Údaráis.

# CUID 5 – ÁR DTIOMANTAS DON CHOMHIONANNAS AGUS DO CHEARTA AN DUINE

Caitheann an tÚdarás Pinsean dúthracht chun ár nDualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar idirdhealú, chun comhdheiseanna a chur chun cinn agus chun cearta daonna na ndaoine a bpléimid leo agus na foirne a oibríonn anseo a chosaint.

Caitear lenár bhfoireann agus le daoine a úsáideann ár seirbhísí le dínit agus meas, agus aithnímid an saibhreas a chruthaítear lenár n-éagsúlacht. Leanfaimid orainn ag spreagadh cultúr rannpháirtíochta agus ionchuimsithe san áit oibre trí chaidreamh a dhéanamh, nuair is ábhartha agus nuair is cuí, le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon faoi chúrsaí a bhaineann le Cearta an Duine agus Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú.

Comhlíonfaimid ár nDualgas Earnála Poiblí trí mgeasúnú a dhéanamh ar ár n-iarrachtaí, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a thuairisciú inár dTuarascálacha Bliantúla agus ar ár láithreán gréasáin.

© RÁITEAS STRAITÉISE AN ÚDARÁIS
PINSEAN 2025 - 2029
www.pensionsauthority.ie